



бабушка

TEANGACHA SOPHIE

SOPHIE ET SES LANGUES

Téacs **Christine Hélot**
Léaráidí **Uxue Arbelbide Lete**
Aistriúchán **Tina Hickey**

DULALA
D'UNE LANGUE À L'AUTRE

Bunaíodh DULALA mar chomhlachas chun eolas faoin éagsúlacht teanga ar domhan a scaipeadh ar leanaí ag aois an-óg. Ceann de chuspóirí DULALA ná ábhar oideolaíoch a fhorbairt d'oideoirí agus do thuismitheoirí. Foilsíodh Les Langues de Chat cheana, agus seo anois an dara leabhar do leanaí a d'fhoilsigh an comhlachas.

Aistríodh an t-albam go suas le 15 theanga. Tiocfar ar na haistriúcháin sin ar shuíomh idirlín DULALA.

DULALA est une association créée pour favoriser une éducation à la diversité linguistique dès le plus jeune âge. Dans le cadre de ses missions, elle élabore des outils pédagogiques à destination des professionnels de l'éducation et des parents. Après *Les langues de chat*, *Sophie et ses langues* est le deuxième album jeunesse édité par l'association.

L'album a été traduit dans plus de 15 langues. Retrouvez ses traductions sur le site internet de DULALA.

www.dunelanguagealautre.org

© DULALA 2014

ISBN 978-2-37 122-009-6

TEANGACHA SOPHIE

SOPHIE ET SES LANGUES

Téacs Christine Hélot
Léaráidí Uxue Arbelbide Lete
Aistriúchán Tina Hickey



**TEANGACHA
SOPHIE**

—

Dia duit! Sophie is ainm dom.
Nílim ach cúpla mí d'aois
agus ní féidir liom labhairt go maith fós.
“Gúgú gaga” – sin an méid is féidir liom a rá.
Ach cuireann sé gliondar ar mo thuismitheoirí!

Bonjour ! Je m'appelle Sophie.
Je suis née il n'y a pas très longtemps.
Je ne dis pas encore grand-chose,
que des areuh areuh ...
pour faire plaisir à mes parents.



Bíonn mo thuismitheoirí de shíor ag labhairt liom,
ach ní sa teanga chéanna.
Labhraíonn Mamaí liom i bhFraincis
agus labhraíonn Daidí liom i mBéarla.

Bonjour mon petit coeur ! ¹
a deir Mamaí liom nuair a dhúisíonn sí mé ar maidin.


Piwi, Darling, why won't you go to sleep? ²
a iarrann Daidí orm nuair a chuireann sé mé a luí gach oíche.

Mes parents, ils me parlent beaucoup par contre,
mais pas dans la même langue.
Ma Maman me parle en français
et mon Papa me parle en anglais.

Bonjour mon petit cœur !
dit Maman quand je me réveille le matin.


Piwi darling, why won't you go to sleep ?
me demande mon Papa le soir quand il me met dans mon lit.

1. Dia duit ar maidin, a ghrá geal mo chroí.
2. Piwi a stóirin, cén fáth nach dtéann tú a chodladh?




Thug siad leasainm orm sular rugadh mé: Piwi!
Tá ainm eile orm chomh maith: PERSEPHONE.
Sin an t-ainm atá ar bhandia Gréagach.

Piwi c'est le petit nom qu'ils m'ont donné
avant ma naissance.
J'ai aussi un deuxième nom : PERSEPHONE !
C'est le nom d'une déesse grecque.



An inseoidh mé scéal mo shaoil duit?
Ba mhaith le mo thuismitheoirí go mbeinnse dátheangach.
Níl mé iomlán cinnte cén chiall atá leis sin,
ach is maith liom bheith ag éisteacht le Mamaí
ag léamh dánta dom i bhFraincis,
agus is breá liom é nuair a chanann Daidí amhráin i mBéarla.

Vous avez compris mon histoire ?
Mes parents veulent que je devienne bilingue !
Je ne sais pas trop ce que ça veut dire mais
j'aime bien quand ma Maman me récite des poèmes en français
et j'adore quand mon Papa me chante des chansons en anglais.



Labhraíonn Mamaí Spáinnis freisin.
Chaith sí tamall san Eacuadór, agus ansin san Airgintín.
D'fhoghlaim sí Gearmáinis ar scoil agus d'fhoghlaim sí Portaingéilis sa Bhrasaíl.

Labhraíonn Daidí Fraincis
toisc go ndeachaigh sé ar scoil i gCeanada agus sa Fhrainc,
Agus labhraíonn sé Gearmáinis,
toisc go raibh sé ag obair tráth san Eilvéis.
Anois - fan go gcloisfidh tú:
Céard atá sé a fhoghlaim anois ach Sínis agus Svahaílis!
Ba mhaith leis dul chuig an gCéinia chun aire a thabhairt do dhaoine breoite.

Ma Maman, elle parle aussi espagnol.
Elle a vécu en Equateur puis en Argentine,
elle a appris l'allemand à l'école, et le portugais au Brésil.

Et mon Papa il parle français
parce qu'il est allé à l'école au Canada et en France,
allemand parce qu'il a travaillé en Suisse,
et vous ne devinerez jamais,
maintenant, il apprend le chinois et le swahili !
Il veut aller au Kenya, soigner les gens qui sont malades.



Ba bhreá liom insint duit faoi mo sheanthuistí freisin.
Bhuel, tá cúigear díobh agam, dhá sheanmháthair, agus TRÍ sheanathair!
Is í Oma máthair mo Dhaidí. Is Eilvéiseach í.
Labhraíonn sí Gearmáinis na hEilvéise, Béarla agus Fraincis.
Ba mhaith le Mamaí go labhródh sí Gearmáinis na hEilvéise liomsa.

Maintenant il faut que je vous parle de mes grands-parents.
D'abord j'en ai cinq, deux grands-mères et trois grands-pères.
La mère de mon père, c'est Oma, elle est suisse.
Elle parle le suisse allemand, l'anglais et le français.
Ma Maman voudrait que Oma me parle en suisse allemand.



Is é Grand-papa athair mo Dhaidí.
Is Ceanadach é. Labhraíonn sé Fraincis agus Béarla,
ach ní hionann a chuid Fraincise agus an Fhraincis a labhraíonn mo Mhamáí.
Tá blas ceolmhar ag Grand-papa agus é ag caint.

Le père de mon père, je l'appelle Grand-Papa,
il est canadien, il parle français et anglais,
mais son français est différent de celui de ma Maman,
il est plus chantant !



Is Éireannach é athair mo Mhamáí.
Labhraíonn sé Béarla, Gaeilge agus Fraincis chomh maith.
Tugaimse Gramps air siúd, nó díreach Grand-dad.
Oibríonn sé i nGána.

Le père de ma mère, il est irlandais,
il parle anglais, gaélique et français aussi.
Je l'appelle Gramps ou tout simplement Grandad.
Il travaille au Ghana.



Is Francach í máthair mo Mhamáí.
Agus labhraíonn sí Fraincis agus Béarla.
Tugaimse Babou uirthi toisc gurb í mo Bhabuska í
– sin focal ar Mhamó i Rúisis.
Cé nach labhraíonn sí Rúisis in aon chor!

La mère de ma mère, elle est française,
et elle parle anglais.
Je l'appelle Babou parce que c'est ma babouchka.
Mais le russe, elle ne le parle pas.



Tá Babou ina cónaí leis an tríú seanathair agam.
Grapi is ainm dó siúd,
ach ní thuigimse an chúis!

Is é Grapi Rí na dTeangacha!
Labhraíonn sé Fraincis, Béarla agus Gearmáinis,
roinnt Iodáilise agus roinnt Spáinnise,
agus anois tá Eabhrais, Gréigis,
Laidin agus Aramais á bhfoghlaím aige.
Labhair daoine Aramais i bhfad i bhfad ó shin.

Nuair a bhí Grapi ina bhuachaill óg bhíodh sé ag labhairt Polainnise lena
thuismitheoirí féin.
Ach ansin chuaigh sé ar scoil sa Fhrainc agus chaill sé a chuid Polainnise.

Ma Babou vit avec mon troisième grand-père.
Lui, c'est Grapi, pour grappe de raisin,
ne me demandez pas pourquoi !

Mon Grapi, c'est le champion des langues,
il parle français, anglais et allemand, un peu d'espagnol et d'italien.
Et il apprend l'hébreu, le grec, le latin et même l'araméen.
L'araméen, c'est une langue qui était parlée il y a très longtemps.

Quand Grapi était petit, il parlait polonais avec ses parents
mais il est allé à l'école en France et il a oublié tout son polonais.



Ar cheap tú go raibh deireadh leis an scéal seo faoi theangacha éagsúla?
Bhuel, níl – mar tá uncailí agus aintíní agam chomh maith,
agus col ceathracha
Agus tá siad go léir ina gcónaí i dtíortha éagsúla.
Tá uncail amháin ina chónaí in Éirinn,
agus tá aintín dom ina cónaí i dTír na mBascach,
Tá aintín amháin ina cónaí i gCeanada,
agus aintín eile ina cónaí sna Stáit Aontaithe,
agus tá uncail agus aintín ina gcónaí san Eilvéis.
Labhraíonn siad go léir a lán teangacha éagsúla.

Et maintenant,
vous croyez que cette histoire de langues est terminée ?
Et bien non, parce que j'ai aussi des oncles, des tantes,
des cousins et des cousines
et ils habitent tous dans des pays différents :
j'ai un oncle en Irlande, une tante au Pays Basque,
une tante au Canada, une autre aux Etats-Unis
et encore un oncle et une tante en Suisse.
Ils parlent tous et toutes plein de langues différentes.



Ó, rinne mé dearmad a rá – tá sin-seanmháthair agam chomh maith!
Ní labhraíonn sise ach Fraincis
ach tá cúpla focal Béarla aici.
Agus nuair a bhí sí ag foghlaim na Spáinnise,
chuir sí suas lipéidí le focail Spáinnise orthu i ngach áit sa teach!

Anois tá aithne agat ar mo theaghlach iomlán.

Ah, j'oubliais, j'ai aussi une arrière-grand-mère !
Elle ne parle que le français,
mais elle sait quelques mots d'anglais.
Et quand elle apprenait l'espagnol,
elle a collé des mots espagnols partout dans sa maison.

Voilà, vous connaissez toute ma famille.



Bhuel, ní fíor sin fós!
Tá mé chun rún a insint duit.
An bhliain seo chugainn beidh col ceathrar nua agam:
col ceathrar Bascach, Francach, Éireannach, Spáinneach!

Enfin pas tout à fait !
Je vais vous dire un secret :
l'an prochain, j'aurai un cousin,
un petit cousin basque, français, irlandais et espagnol.




Nuair a bheidh mé mór,
ba mhaith liom taisteal ar fud an domhain.
Ba mhaith liom aithne a chur ar a lán daoine
agus a dteangacha uile a fhoghlaim.

Agus nuair a bheidh mé féin i mo Mhamáí,
déanfaidh mé díreach cosúil le mo Mhamáí agus mo Dhaidí.
Canfaidh mé amhráin le mo leanaí
i dteangacha uile an domhain mhóir.

Moi, quand je serai grande,
je ferai le tour du monde,
je rencontrerai plein de gens
et j'apprendrai leurs langues.

Et quand j'aurai des enfants,
je ferai comme mon Papa et ma Maman,
je leur chanterai des chansons
dans toutes les langues du monde.







TEANGACHA SOPHIE

Rugadh Sophie.
Cuireann sí a muintir in aithne dúinn,
Tá teaghlach mór aici atá scaipthe ar fud an domhain,
Teaghlach a labhraíonn a lán teangacha.
An mbeidh Sópíe dátheangach mar
ba mhaith lena tuistí?

SOPHIE ET SES LANGUES

Sophie vient de naître.
Elle nous présente sa famille,
une grande famille qui vit un peu
partout dans le monde, une famille
dans laquelle on parle beaucoup
de langues. Deviendra-t-elle bilingue
comme ses parents le désirent ?